**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
**Department of Education and Science**

190

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Nascmhodúil

## Scrúdú 2002

**DÉ CÉADAOIN, 8ú BEALTAINE, 2002: 10.00 R.N. – 12.30 I.N.**

| Uimhir Scrúdaithe |
|---|
| |

### TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe sa bhosca.**

Scríobh isteach na freagraí go léir sa bhFreagarleabhar seo.

Tá **trí** Roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A - Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.

Ní mór na ceisteanna go léir a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.

Ní mór na ceisteanna go léir a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**

Tá **sé** cheist ann.

Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh trí nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Taispeánfar duit sraith as fístéip agus Feirm Éisc á léiriú inti.
- Feicfidh tú an tsraith trí huaire.
- Beidh an tsraith iomlán san aireamh sa chéad taispeántas.
- Ansin taispeánfar í ina trí chuid. Tar éis gach cuid a thaispeáint beidh am agat na freagraí a scríobh sa bhFreagarleabhar.
- Ansin feicfidh tú an tsraith fístéipe ina hiomláine arís.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair na ceisteanna go léir.**

**Páirt 1**

**C1.** Cén fáth ar chinn na páirtnéirí gnó ar aistriú ón bhfeirmeoireacht bradán?

**1 marc**

**C2.** Cad a bhí i gceist sa staidéar féidearthachta?

**2 marc**

**C3.** Luaigh **trí** thoisc faoi deara rogha TIC Teo maidir le suíomh lonnaíochta don ghnólacht.

**3 marc**

**Páirt 2**

**C4.** Luaigh agus mínigh **dhá** mhodh atá ag TIC Teo chun cáilíocht an táirge acu a dheimhniú.

**4 marc**

**C5.** *(i)* Breacrianaigh **dhá** thoisc a chuireann an chuideachta san áireamh agus a foireann á fostú.

*(ii)* Cén fáth a bhfuil tábhacht le gach ceann de na tosca seo?

**4 marc**

**C6.** Luaigh **dhá** dhúshlán atá roimh TIC Teo. Cén chaoi a bhféadfadh an chuideachta dul i ngleic leis na dúshláin seo go héifeachtach?

**4 marc**

**Páirt 3**

**C7.** *(i)* Sainaithin **trí** ghné atá riachtanach chun go mbeadh rath ar ghnólacht, faoi mar a mhínigh comhúinéir TIC Teo.

*(ii)* Mínigh cén fáth a bhfuil gá le gach ceann ar leith de na gnéithe riachtanacha seo.

**6 marc**

**C8.** Tá sé fíorthábhachtach teacht slán sa saol gnó. An gceapann tú go dtiocfaidh TIC Teo slán sa todhchaí?
Tabhair ***trí*** chúis mar thaca le do fhreagra.

**6 marc**

# EntCo

Gnólacht is ea EntCo atá ag feidhmiú i bPáirc Ghnó atá lonnaithe míle slí ón mBaile Beag, baile ina bhfuil 5,000 áitreabhach. Tá an Baile Beag 40 míle ón gcathair is cóngaraí dó, agus tá sé le hais mótarbhealaigh. Bhí traidisiún tionscal bunaithe ar theicstílí ag an mbaile, ach tá siad seo ar fad dúnta síos anois. Mealladh réimse tionscal chuig an Pháirc Ghnó, agus tá ag éirí leo go léir faoi láthair.

Deirfiúr agus deartháir is ea Méabh agus Peadar Ó Riain. Is leo EntCo agus is iad atá i mbun ghnó. Tá cúlra ag Méabh sa Ghnó agus sa Ríomhaireacht. Tar éis di an coláiste a fhágáil d'oibrigh sí ar feadh 8 mbliana do ghnólachtaí in Éirinn agus i Londain. Cócaire cáilithe is ea Peadar, agus sular bhunaigh sé an gnó, d'oibrigh sé d'óstán mór cathrach ar feadh 5 bliana. Tá Peadar i gceannas ar tháirgíocht agus ar fhorbairt táirgí nua. Tá Méabh freagrach as díolacháin agus margaíocht mar aon leis na riachtanais riaracháin.

Tá EntCo ag plé le gnó an bhia. Thosaigh sé amach mar chuideachta lónadóireachta ag soláthar béilí réamhullmhaithe do cheaintíní i ngnólachtaí áitiúla. Faoi láthair, úsáideann an chuideachta bia úr ina cuid táirgí go léir. Faightear na comhábhair bia go háitiúil, agus de bhrí go mbíonn na torthaí agus na glasraí ar fáil go réidh, ní bhíonn aon fhadhb ag an gcuideachta teacht ar na hamhábhair.

Tá fás tagtha ar an ngnó le dhá bhliain anuas agus faoi láthair tá 8 n-oibrí lánaimseartha fostaithe agus 20 oibrí páirtaimseartha. Déanann an chuideachta gach dícheall a bheith solúbtha agus féachfaidh sí i ndiaidh riachtanais an chustaiméara i gcónaí. Bíonn Méabh de shíor ag lorg margaí nua agus bealaí chun an gnó a fhorbairt. Ó tharla leathnú ar an margadh do dtáirgí na cuideachta tá méadú déanta ar réimse na dtáirgí.

D'aithin Méabh deis san earnáil miondíola san athrú ata tagtha ar nósanna saoil na gcustaiméirí agus iad ag éileamh earraí bia áise ar ardchaighdeán. D'oibrigh Méabh agus Peadar chun an réimse táirgí a fhorbairt agus chun pleanáil don fhreastal ar líon mór orduithe. Faoi láthair soláthraíonn siad béilí réamhullmhaithe agus miasa indibhidiúla d'ollmhargaí agus do delicatessen an cheantair. Glacann an chuideachta freisin le horduithe aonaracha do chóisirí ócáidí speisialta. Tá méadú mór tagtha ar an ngné seo den ghnó agus soláthraíonn EntCo anois do chuid mhór de na príomhimeachtaí sa cheantar.

Le déanaí, cheannaigh cuideachta mhór táirgíochta bia ceann de na seanmhonarchana teicstílí. Táirgíonn an chuideachta réimse mór bianna agus glasraí reoite. Tá trí mhonarcha mhóra eile sa tír ag an gcuideachta seo. Tuigeann Méabh agus Peadar go gcaithfidh siad a bheith iomaíoch agus seirbhís uathúil a thairiscint. Déanann siad taighde margaíochta go rialta chun teacht ar smaointe do tháirgí nua.

Tháinig sraith ollmhargaí i dteagmháil le EntCo chun béilí réamhullmhaithe, so-chócaráilte a sholáthar. Má tá Méabh agus Peadar chun tosú ar tháirgí a chur ar fáil don tsraith ollmhargaí seo, ní mór dóibh an mhonarcha táirgíochta atá acu a uasghrádú agus a mhéadú. Tá tús curtha acu le plean a dhréachtadh chun impleachtaí na forbartha seo a leagan amach.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**C1.** Luaigh agus mínigh go hachomair **trí** ghné dhearfacha a bhaineann le EntCo.

**6 marc**

**C2.** Déan anailís S.W.O.T ar EntCo.

**12 marc**

**C3.** (i) Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh EntCo sarú ar aon iomaíocht a d'fhéadfadh a theacht ón chuideachta mhór táirgíochta bia atá tar éis ceann de na seanmhonarchana teicstílí a cheannach le déanaí.

(ii) Mínigh **trí** impleacht do EntCo má théann sé chun cinn leis na pleananna atá aige chun leathnú amach.

**12 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
| --- | --- | --- |

Tá sé cheist ann. Freagair **ceithre** cheist ar bith díobh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**C1.** *(a)* Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le post buan a bheith ag duine.

**Dhá** bhuntáiste:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Dhá** mhíbhuntáiste:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 marc**

*(b)* Breacrianaigh **trí** chúis le plean gnó a ullmhú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**6 marc**

*(c)* *(i)* Mínigh an téarma "miontuairiscí" i gcomhthéacs cruinnithe.

*(ii)* Cén cur chuige is gá chun a dheimhniú go bhfuil cruinniú a eagrú agus a reáchtáil i gceart?

**11 marc**

**C2.** *(a)* Ainmnigh Ceardchumann **amháin**.

**1 marc**

*(b)* Déan cur síos ar **cheithre** fheidhm atá ag Ceardchumann.

**12 marc**

*(c)* Luaigh **trí** thréith phearsanta ba chóir d'fhostóir a lorg ina chuid fostaithe.

**6 marc**

(*d*) Liostaigh **sé** mhír eolais ba chóir a bheith san áireamh i gConradh Fostaíochta atá á thabhairt d'fhostaí nua.

**6 marc**

**C3.** Léiríonn taighde go bhfuil daoine a néiríonn leo sa saol go maith chun cumarsáide.

*(a)* Mínigh cad is brí leis an téarma "go maith chun cumarsáide".

**4 marc**

*(b)* Breacrianaigh **trí** shlí chun do chuid scileanna cumarsáide a fheabhsú.

**6 marc**

(c) Luaigh agus mínigh **trí** thréith phearsanta is iondúil a bheith ag fiontraí rathúil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **6 marc** |

(d) Déan cur síos beacht ar **thrí** ní a dfhéadfadh a bheith mar cúis le teip ghnólachta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **9 marc** |

**C4.** *(a)* Ainmnigh **dhá** eagras *dheonacha* i do cheantar a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal áitiúil:

| |
|---|
| |

| |
|---|
| |

Maidir le heagras **amháin** a luaigh tú thuas, luaigh buntáiste **amháin** *nó* míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an gcaoi: (i) a ndéantar é a reáchtáil agus (ii) a maoinítear é.

| |
|---|
| (i) *An chaoi a ndéantar é a reáchtáil* |
| Buntáiste: |
| |
| |
| Míbhuntáiste: |
| |
| |

| |
|---|
| (ii) *An chaoi a maoinítear é* |
| Buntáiste: |
| |
| |
| Míbhuntáiste: |
| |
| **6 marc** |

*(b)* Déan cur síos achomair ar **thrí** dhifríocht atá idir eagrais dheonacha agus fiontair ghnó.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **6 marc** |

*(c)* Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach measúnacht a dhéanamh ar eagrais dheonacha.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **5 marc** |

*(d)* Roghnaigh eagras deonach i do cheantar áitiúil, seachas an ceann a ndearna tú cur síos air thuas, agus scríobh measúnacht ghearr ar an eagras seo. Ba chóir duit **ceithre** thoisc ar leith a chur san áireamh sa mheasúnacht.

**8 marc**

**C5.**

| |
|---|
| ***Post ar Fáil*** |
| **do dhuine <u>nuálaíoch</u>** |
| **le fostú sa Rannóg Forbartha Gnó** |
| **i ngnólacht innealtóireachta ar meánmhéid** |
| Ní mór d'iarratasóirí an <u>ECDL</u> nó cáilíocht eile <u>I.T.</u> a bheith acu |
| **Iarratas le CV chuig:**<br>An Bainisteoir Pearsanra<br>EngTippCo<br>An Pháirc Ghnó<br>Baile Thiobraid Árann |
| ***Fostóir <u>comhionannas deiseanna</u> is ea EngTippCo*** |

*(a)* Mínigh **trí** cinn de na focail/téarmaí a bhfuil líne fúthu.

**6 marc**

*(b)* Breacrianaigh **trí** mhodh a d'fheadfadh fostóirí a úsáid chun fostaithe a earcú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **6 marc** |

*(c)* Tá do rang Ghairmchlár Ardteistiméireachta (LCVP) tar eis cuairt sheachtrach a dhéanamh.

*(i)* Ainmnigh an gnólacht/an t-eagras ar tugadh cuairt air.

| |
|---|
| |
| **1 marc** |

*(ii)* Liostaigh **ceithre** chéim a ghlac an rang agus an chuairt seo á heagrú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **4 marc** |

*(d)* Déan cur síos go hachomair, ar **cheithre** bhuntáiste a bhaineann an pobal áitiúil as an ngnólacht/eagras seo.

**8 marc**

**C6.** Rinne tú taithí/coimhéad oibre mar chuid den chúrsa Ghairmchlár Ardteistiméireachta (LCVP) agat.

*(a)* Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le taithí/coimhéad oibre.

**3 marc**

*(b)* Luaigh agus mínigh na céimeanna a bhaineann le taithí/coimhéad oibre a fháil.

**6 marc**

*(c)* *(i)* Mínigh **trí** dhualgas atá ar an bhfostóir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht san ionad oibre.

**6 marc**

*(ii)* Mínigh **dhá** dhualgas atá ar an bhfostaí maidir le Sláinte agus Sábháilteacht san ionad oibre.

**4 marc**

*(d)* Scríobh measúnacht ghearr ar do thaithí/choimhéad oibre faoi **thrí** cheannteideal ar leith.

**6 marc**

Is féidir na leathanaigh seo a úsáid más gá.

# D'úsáid an Scrúdaitheora amháin

| | Marcanna Tugtha |
|---|---|
| Roinn A | |
| Roinn B | |
| Roinn C | |
| C1 | |
| C2 | |
| C3 | |
| C4 | |
| C5 | |
| C6 | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ó bhun na leathanach. | |
| 2. Móriomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíodh. | |
| 3. Ollmharc cruinn a tugadh (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge (más cuí). | |
| 5. Marc iomlán má tugadh bónas don fhreagairt trí Ghaeilge (3 + 4). | |
| **Nóta**: Ní mór don mharc ar líne 3 (nó líne 5 má tugadh bónas don fhreagairt trí Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc **sa bhosca Móriomlán** ar an script. | |